

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 171/2019
an 14 Meitheamh 2019

Iena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2163]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Uimh. 196/2018 ó Chomhchoiste LEE an 21 Meán Fómhair 2018 ⁽¹⁾ rinneadh téacs oiriúnú (j) i bpointe 66wn d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú EEA a aisghairm go hearráideach.
- (2) Níor cheart feidhm a bheith ag an scriosadh sin ach ón 2 Eanáir 2020. Dá bhrí sin, tá téacs an oiriúnaithe le cur isteach arís agus le haisghairm ina dhiaidh sin le héifeacht ón 2 Eanáir 2020.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar pointe 66wn (Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear an téacs seo a leanas isteach in oiriúnú (j):
'In Airteagal 21, an chéad abairt, maidir le Stáit CSTE, is 'Údarás Faireacháin CSTE' a léifear in ionad 'an Coimisiún.'
2. Scriosfar téacs oiriúnú (j) le héifeacht ón 2 Eanáir 2020.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

⁽¹⁾ IO L 75, 4.3.2021, lch. 33.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.